2026/2245

9.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2245 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Deireadh Fómhair 2026

lena gcuirtear allmhairí alcól polaivinile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe ionas go mbeifear in ann dleachtanna frithdhumpála a thobhach ar na hallmhairí sin a chuirtear faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Deireadh Fómhair 2026, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]), gur tionscnaíodh athoscailt an imscrúdaithe maidir le cur chun feidhme bhreithiúnas an 3 Meán Fómhair 2026 i gcás C-319/24 P i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún ([3]).

(2) Sa bhreithiúnas uaithi an 21 Feabhra 2024, i gcás T-762/20) *Sinopec Chongqing SVW agus Eile v an Coimisiún* ([4]), chuir Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt Ghinearálta') an Rialachán atá i gceist ar neamhní go páirteach a mhéid a bhaineann sé leis an ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí alcól polaivinile áirithe isteach san Aontas Eorpach arna monarú agus arna ndíol ag Grúpa Sinopec.

(3) Leis an mbreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('CBAE') i gcás C-319/24 P *an Coimisiún v Sinopec Chongqing SVW Chemicals agus eile* an 3 Meán Fómhair 2026 ([5]), deimhníodh torthaí bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta a mhéid a bhain siad leis na coigeartuithe anuas ar an bpraghas onnmhairiúcháin faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán frithdhumpála,, agus a mhéid sin amháin. Mar thoradh air sin, cuireadh an Rialachán atá i gceist ar neamhní go páirteach maidir le ríomh an ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí alcól polaivinile áirithe isteach san Aontas Eorpach arna monarú agus arna ndíol ag Grúpa Sinopec.

1. AN TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR A CHLÁRAITHE

(4) Is é atá sa táirge atá faoi réir a chláraithe ('an táirge lena mbaineann') alcóil pholaivinile áirithe, bíodh grúpaí aicéatáite neamh-hidrealaithe iontu nó ná bíodh, i bhfoirm roisíní homapolaiméire ag a bhfuil slaodacht (arna tomhas i dtuaslagán uiscí 4 % ag 20 °C) 3 mPa·s nó níos mó ach nach mó ná 61 mPa·s agus méid hidrealaithe 80,0 mol % nó níos mó ach nach mó ná 99,9 mol %, arna dtomhas araon de réir mhodh ISO 15023-2, a thagann faoi láthair faoi chód AC ex 3905 30 00 (cód TARIC 3905 30 00 91) agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra Tionscnaimh maidir le cur chun feidhme bhreithiúnas an 3 Meán Fómhair 2026 i gcás C-319/24 P i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí alcól polaivinile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2026/5252, 9.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/5252/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí alcól polaivinile áirithe de thionscnamh Dhaonphoblacht na Síne (IO L 315, 29.9.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1336/oj).
([4]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 21 Feabhra 2024, *Sinopec Chongqing SVW Chemical agus Eile v an Coimisiún*, T-762/20, ECLI:EU:T:2024:113.
([5]) Breithiúnas ón gCúirt an 3 Meán Fómhair 2026, an Coimisiún Eorpach v Sinopec Chongqing SVW Chemical Co. Ltd agus Eile, C-319/24 P, ECLI:EU:C:2026:687.

2. **CLÁRÚ**

(5) Faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfar allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe.

(6) Is é is cuspóir don chlárú a áirithiú gur féidir dleachtanna frithdhumpála, más ann dóibh, a thobhach go cúlghabhálach ar na hallmhairí atá faoi réir a gcláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, má chomhlíontar na coinníollacha is gá.

(7) Chinn an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. Na coinníollacha le haghaidh bhailiú cúlghabhálach na ndleachtanna, más ann dóibh, déanfar measúnú orthu sa Rialachán lena bhforchuirfear dleachtanna cinntitheacha ag deireadh an imscrúdaithe athoscailte.

(8) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe deiridh a thiocfadh sé.

(9) I láthair na huaire, ní mheasann an Coimisiún gurb iomchuí meastachán ar an méid dliteanais a bheidh ann amach anseo a chur ar fáil.

3. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(10) Aon sonraí pearsanta a bhaileofar i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí isteach san Aontas a chlárú i gcás allmhairí alcól polaivinile áirithe a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 3905 30 00 (cód TARIC 3905 30 00 91) arna monarú ag Grúpa Sinopec (Sinopec Chongqing SVW Chemical Co. Ltd agus Sinopec Great Wall Energy & Chemical Ningxia Co.) agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Rachaidh an clárú in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Ní dhéanfaidh na húdaráis chustaim náisiúnta cinneadh maidir le haon iarratas ar aisíocaíocht nó loghadh dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí táirgí arna monarú ag Grúpa Sinopec roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena dtugtar an t-athscrúdú i gcrích.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch.39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj.